



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Réamhrá le haghaidh 'Ceart nó Mícheart: Seán Ó Ruadháin i bhFeasta'
Author(s)	Mac Congáil, Nollaig
Publication Date	2007
Publication Information	Mac Congáil, N. (2007) Réamhrá le haghaidh Ceart nó Mícheart: Seán Ó Ruadháin i bhFeasta in eagar ag Liam Mac Peaircín (Coiscéim) 11-21.
Item record	http://hdl.handle.net/10379/1545

Downloaded 2019-10-18T12:37:14Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



[**Réamhrá le haghaidh *Ceart nó Mícheart: Seán Ó Ruadháin i bhFeasta* in eagar ag Liam Mac Peaircín (Coiscéim, 2007) 11-21.]**

Nollaig Mac Congáil

Ó tharla go bhfuil an tír seo chun cinn go mór ar thiomlath thíortha an domhain i gcúrsaí eacnamaíochta agus maoinne faoi láthair, táthar ag iarraidh uirlis nua-aimseartha, fheidhmeach, sholáimhsithe a dhéanamh den Ghaeilge mar mheán cumarsáide a riarfar don tsochaí úr sin. Tá an teanga á sciúradh, á rúscadh agus á lomadh go dtí nach bhfuil inti ach na feirste, an creatlach, agus ansin cuirtear cóiriú chomh húrnuá coimhthíoch sin uirthi agus i ndeireadh na dála nach n-aithnítear í níos mó taobh amuigh de sheomraí an Aontais Eorpaigh nó Rannóg an Aistriúcháin i dTeach Laighean. Má athraíodh sochaí na hÉireann ar an uile bhealach le blianta anuas, cén fáth nach dtabharfaí an bhail chéanna ar an Ghaeilge?

Chan inniu ná inné a thosaigh an Ghaeilge ná teanga ar bith ag athrú, ag éirí nua-aimseartha, feidhmeach, simplí.¹ Tharla sé le corp na teanga an chéad uair:

The crudities of the modern world were simplifying or even destroying linguistic subtleties. Irregular verbs were becoming regular, the imperfect subjunctive was becoming the present subjunctive or, more frequently, disappearing altogether. Where previously there might have been four adjectives to describe a favoured hill, or the scent of new-mown hay, or the action of threading the warp of a loom, now there would only be one, or none. And as we lost the verbs... we lost the texture of the world that went with them².

¹ 'Fásann teanga agus feonn sí ar nós an duine, agus níl aon dul as. Éascaíocht agus leisciúlacht is siocair lena lán de, analach le cuid de freisin' (30).

² Alexander McCall Smith, *Portuguese Irregular Verbs* (Polygon, 2003) 36.

D'imigh cuid mhór d'anam na teanga le himeacht aimsire fosta. B'fhíor sin i gcás na Gaeilge ach go háirithe. Bhí an Ghaeilge i mbaol ón Bhéarla ó cuireadh tús leis na Plandálacha na céadta bliain ó shin. As sin a tháinig. Leathnaigh an Béarla ó cheann ceann na tíre. Ruaigeadh na Gaeil as a gcuid tailte sinseartha: *'cartadh cuid acu isteach fá ghleanntáin eadar shléibhte... Ach thug an tuile léi a mbunús chun na gcaorán de chois cladaigh.*³ Ceileadh léann foirmeálta orthu ach bhí an léann béil ina maoiseoga acu. Cothaíodh iad ar an léann béil sin leis na céadta bliain ach d'athraigh sin fosta leis an athrú saoil in Éirinn. Le himeacht ama, thanaigh agus ghannaigh an Ghaeltacht; tháinig léann an Bhéarla isteach go mór ó 1831 ar aghaidh; bhí deireadh ré á thuar don Ghaeilge:

Na seanóirí Gaelacha seo a d'imigh go formhothaithe mar shneachta earraigh le fiche bliain, bhí mórán mór nós agus abairteach acu nach bhfuil ag a sóisir leath-Ghalla. Bhí Gaeilge bhríomhar bheacht acu fosta, ach tá sí ag meath, is ag crupadh, is ag gannú i mbéal na ndaoine a tháinig ina ndiaidh.⁴

Nuair a tosaíodh ar athshealbhú na Gaeilge, féachadh leis an Ghaeilge a fhoghlaim ar bhonn náisiúnta as leabhair a cuireadh le chéile fá dheifir fá choinne na hócáide. Cuireadh cuid mhór béime ar ghné na gramadaí den teanga – rud nach raibh mórán goile ag na cainteoirí dúchais dó. B'fhéidir fosta nár shaineolaithe Gaeilge iad lucht na gramadaí sin i gcónaí.

Cluinfidh tú anois a lán daoine ag rá nach ceart mórán airde a thabhairt uirthi mar ghramadach. Tá iomlán an chirt acu freisin, nuair is mar ghramadach amháin atáthar á dhéanamh. Níl inti ach taca le cuidiú le duine an teanga a labhairt, agus bíonn sí ag athrú ó aois go haois. Tá sé sin ceart go leor más athrú nádúrtha é a thigheas le úsáid. Ach ní hionann sin agus bualadh amach ag truailliú na gramadaí, gan scáth gan náire. Cuid de na gramadóirí ab fhearr a casadh riamh liom ba daoine iad nár thuig blas faoi chúrsaí gramadaí ar chor ar bith! (59)

Níorbh iad na daoine ba throime eolas ná ab fhearr cumas ó thaobh na Gaeilge de a bhí ar thús cadhnaíochta i gcúis na hAthbheochana. Bhí a shliocht ar an Ghaeilge a bhí á cur

³ Seosamh Mac Grianna, *An Druma Mór* (Oifig an tSoláthair, 1969) 2.

⁴ Seán Bán Mac Meanman sa bhliain 1915 as Séamus Ó Cnáimhsí (eag.) *An Chéad Mhám* (Coiscéim, 1990) 4.

chun cinn as sin amach agus a bheadh i réim feasta. Rinneadh neamart cuid mhaith de Ghaeilge dhúchasach na Gaeltachta agus de lucht a labhartha.⁵

Revival of Living Gaelic

*By being taught the language I do not mean the learning of a vocabulary or the writing of an essay in Gaelic characters. I mean learning to speak it properly from a native speaker or from one who has learned to speak it properly from a native speaker. This is the bed-rock on which the real revival must be built – from the tongue of the native speaker.*⁶

Níorbh iad na cainteoirí dúchais ar tarraingíodh orthu ag an tús ag tóraíocht dúshraithe don Ghaeilge. Nuair a thosaigh na cainteoirí dúchais ag teacht chun cinn agus chun pinn ar thoradh moille, áfach, i nGluaiseacht na nAthbheochana, d'éirigh siad dána ar a dtáirseach féin. Nocht siad an fhírinne, fírinne a chuir olc ar chuid mhór daoine ag an am agus ó shin. Séamus Ó Grianna ba ghlóraí ar an téad seo i rith a shaoil.

GAEILIG NA LEABHARTHACH AGUS TEANGAIDH NA nDAOINE⁷

Ar na mallaibh bhí mé ag amharc fríd na páipéir a mbíonn beagán Gaeilge iontu agus is iomaí rud a chonaic mé a thug orm gan iontas ar bith a chur ins na seandaoine nuair a deir siad go bhfuil dhá chineál Gaeilge ann, Gaeilge na ndaoine agus Gaeilge na leabharthach.

Gan bhréig gan mhagadh, tá an dá chineál ann agus cé acu atá ag gabháil a bheith againn? Cad é an t-iomaire atá romhainn le treabhadh? Teangaidh na tíre a thabhairt ar ais, an ea? Nó culaith Ghaeilge a chur ar an Bhéarla agus a bheith sásta leis an méid sin? Achan duine foclóir a fháil agus Gaeilge a chuartú fá choinne gach focailín Béarla dá bhfuil aige?

Tá cuid mhór den chineál seo Gaeilge ag gabháil ar an tsaol dheireanach seo.

⁵ *'The Language movement at present contains a great amount of 'movement' and too little language. However, we think that, to an extent, was inevitable. The Language Revival did not, unfortunately, arise spontaneously out of the Irish-speaking districts. Being born to Irish did not imbue one with a national and progressive spirit; indeed, it weighed people down with a sense of inferiority and shame. It was those Irish people who were born to English, and who thought out the situation, who concluded that the revival of Irish was necessary – it was from that class that the motive power behind the movement sprung. Those who inherited the language did not operate upon those who lost it, but the other way about.'* Sliocht ar *The Leader*, 18.4.03, 113.

⁶ Joseph Hanley, *Irish Independent*, 23.11.22, 7.

⁷ *Fáinne an Lae*, 5.10.18, 4.

Maidir lena bhfuil faoi thrácht ag Máire anseo, féach fosta, Philip O'Leary, *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921* (The Pennsylvania State University Press, 1994) 465.

Ní haon dóithín an Ghaeilge mar theanga, bíodh a fhios agat. Teanga chasta achrannach í nach féidir máistreacht a fháil uirthi go réidh gan mórán allais. B'fhusa maolú agus simpliú a dhéanamh ar an Ghaeilge sula gcuirfí os comhair an lucht foghlama í ar eagla go dtabharfaidís snamh di. Níorbh é an Conallach cointinneach cantalach amháin a bhí ag caitheamh i ndiaidh na Gaeilge dúchasaí, áfach, ach corrdhuine eile thall is abhus de mhuintir na Gaeltachta ar fud na tíre.⁸

Tá go leor droch-Ghaedhilge dhá scríobhadh faoi láthair, agus mur leigheastar an scéal tá faitchíos orainn nach mbeidh ag an muintir a thioctas 'nar ndiaidh acht Gaedhilge bhacach. Is fad' ó chéile duine dhár gcuid scríbhneoiridhe atá i n-ann an leagan ceart a chur ar a chuid cainnte. Tá blas & lorg an Bhéarla ar go leor den Ghaedhilge atá dhá cur faoi chlo dh. Níl duine ar bith i ndon Gaedhilge a scríobhadh mar budh chóir – 'sé sin i ndon an leagan ceart Gaedhealach a chur ar a chuid cainnte acht an t-é a labhair an teanga ó bhí sé na pháiste. 'Sé an chaoi a bhfuil an scéal againn i dtaobh scríbhneoiridhe maithe: an t-é a labhair an Ghaedhilge i gcaitheadh a shaoghail, agus a chuala Gaedhilge ghlan nádúrtha ó bhéal na sean-chainnteoiridhe níl a sháith fóghluma air le leabhra Gaedhilge a scríobhadh; & an mhuintir a bhfuil fóghluim ortha le leabhra nó litridheacht a chumadh níl an Ghaedhilge cheart aca.⁹

Tarlaíonn sé uaireanta go ndíríonn na scríbhneoirí Gaeltachta ar an lucht foghlama agus go ndeargann siad orthu, rud a tharlaíonn sa phíos seo a leanas le Fionn Mac Cumhaill:¹⁰

Nach mairg gan Gaeilig agat:.. Tá sibh ag foghlaim na Gaeilge le fiche bliain agus níl oiread Gaeilge go fóill ag an té is fearr agaibh a bhfuil sí aige agus a chuirfeadh amach an madadh. Is oraibh féin atá an locht cionn is nach bhfuil Gaeilig agaibh. Dá dtéadh sibh ina ceann mar ba chóir agus coinniú léi, ní bheadh sibh i bhfad á foghlaim.

Ní minic a nochtadh a leithéid de thuairim os ard, áfach, ar eagla go dtabharfadh an lucht foghlama a gcúl leis an Ghaeilge agus an Béarla a tharraingt orthu féin feasta mar a rinne Criostóir Ó Floinn nuair a lochtaigh Niall Ó Dónaill a chuid Gaeilge. (tag.)

⁸ Cuimhnítear ach go háirithe ar an Athair Peadar Ó Laoghaire, an crann cosanta ba mhó a bhí ag 'caint na ndaoine.'

⁹ Sean-Ghaedhilgeoir, *The Connaught Tribune* 25.9.20, 2.

¹⁰ *The Derry Journal*, 21.1.21, 6.

Mar sin de, Gaeilge na leabhar, Gaeilge mhaide, atá i réim i saol poiblí na tíre seo le fada an lá, Gaeilge gan sú gan seamhair, gan dúchas, dar leis na fíréin. Fiú amháin i gcliabhán na Gaeltachta, tá deireadh dúile bainte de Ghaeilge bhlasta dhúchasach le fada.

D'imigh an lá a raibh meas ag na seandaoine a raibh an Ghaeilge acu ar theangaidh a dtíre amach ó na háiteacha iargúlta. Ní raibh meas ag na seandaoine seo ar an Ghaeilge agus d'fhoghlaim a gclann Béarla. D'fhoghlaim a gclann Béarla ar dtús agus Gaeilge a chodlaigh amuigh nuair a tháinig ann dóibh.

Gaeilge a chodlaigh amuigh atá ag cuid mhór de mhuintir Thír Chonaill inniu agus iad ag cur i gcéill go bhfuil Gaeilge acu. Gaeilge - 'cearc uisce ar loch uisce sluparnaigh sluparnaigh.'¹¹

Níl aon mhaith a bheith ag gol in áit na maioseoige. Más mian linn blaiseadh den tsaibhreas Gaeilge sin, caithfimid tarraingt ar na scoláirí agus na húdair sin a raibh tuigbheáil acu don earra sin agus arbh fhiú leo é a thaifead do na glúnta a bhí le teacht. Mana lucht an bhéaloidis a bhí acu: *colligite quae superaverunt fragmenta, ne pereant*. Tá saothair bhreátha den chineál sin againn ó cheantracha Gaeltachta éagsúla sa tír cheana m.sh. *Réilthíní Óir* (Comhlucht Oideachais na h-Éirean, 1922) le Seóirse Mac Clúin; *An Béal Beo* (Comhlucht Oideachais na h-Éirean, 1936) le Tomás Ó Máille; *Cora Cainte as Tír Chonaill* (Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933) le Seán Mac Maoláin; *Cortha Cainnte na Gaedhilge* (An Press Náisiúnta, 1940) le Tomás Mac Síthigh; *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna* (QUB, 1989) le hAilbhe Ó Corráin; *Deismir* (Cumann Seanchais Ard Mhacha, 2003) le hAnraí Mac Giolla Chomhaill.¹² Chuir siad go mór lenár gcuid eolais ar an nGaeilge agus ar

¹¹ Fionn Mac Cumhaill, 'Cad is Gaeilge Ann?' ar *The Derry Journal* (3.3.22, 6).

¹² Cuireadh bailiúcháin bhreátha de leaganacha agus de chora cainte Gaeilge i gcló i gcaitheamh na mblianta in irisí agus nuachtáin ar mhór leo caint bhlasta na Gaeltachta. Sin mar a bhí le *Ar Aghaidh*, mar shampla: 'Bhí flúirse leaganacha cainte den uile chineál i gcló in *Ar Aghaidh* ach ba é an bailiúchán ba shuntasaf ná an ceann a chuir Micheál Ó Maoláin as Árainn i dtoll a chéile: 'Leaganacha cainte as Inis Meáin', (Samh., Noll. 1933, Ean., Feabh., Már, 1934). Ba mhór an lear leagnacha a bhí i gceist, cúig chéad fiche ar fad. Bhíodh míreanna eile freisin mar 'Annseo 's Annsiúd', 'I Mo Leabhairín' agus míreanna mar 'Sa gCloch Bhreac' agus 'Sna Forbacha'. Is éard a bhí iontu seo ná na leaganacha a bhailigh an tAth. Eric gach uile áit a ndeachaigh sé agus a bhreac sé síos i leabhairín nó ina chín lae. Cuireadh 'Foclóirín as Sliabh Muire' i gcló Noll. 1945. Tá leaganacha anseo is ansiúd ar fud mórán gach eagrán den pháipéar. B'fhéarr leis an Ath. Eric seanleagan d'fhocal go minic ná an leagan nua.' (Sliocht as Gearóidín Uí Nia, *An tAthair Eric Mac Fhinn agus Ar Aghaidh*, tráchtas M.A. in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 1994).

Bhí colún rialta fosta ag 'Manannán' faoin teideal 'Ó Mhuir go Teamhair' ar *The Derry Journal* ó 1925 go dtí na tríochaidí agus liosta de chora cainte as Dún na nGall a bhí i gceist ansin.

shaíocht na Gaeilge.¹³ Seo againn sa leabhar seo cnuasach breá eile den chuid is saibhre de Ghaeilge na Gaeltachta ó láimh Sheáin Uí Ruadháin agus fáiltimid roimhe go háirithe nuair nach raibh aon súil againn lena leithéid de sholamar.

Cainteoir dúchais as Contae Mhaigh Eo a bhí i Seán Ó Ruadháin (1883-1966) a chaith a shaol ar fad ag plé le cúrsaí Gaeilge ar bhealach amháin nó ar bhealach eile.¹⁴ Is iomaí aiste a scríobh sé i gcaitheamh na mblianta, chomh maith le gearrscéalta, úrscéalta agus leabhair éagsúla a d'aistrigh sé don Ghúm. Bhí sé gortha as an tsaibhreas Gaeilge a bhí aige agus rann sé an éadáil chéanna sin leis an phobal ina chuid scríbhneoireachta agus ina chuid teagaisc i gCo. Mhaigh Eo, i Sligeach agus i mBaile Átha Cliath. Bhí baint aige fosta i rith a shaoil le heagraíochtaí éagsúla Gaeilge. Ba léir as sin ar fad cén spéis mhór a bhí aige i gcúis na Gaeilge ar fad. Bhí dhá bhua mhóra ach go háirithe aige a fhágann gur saineolaí é ar chúrsaí Gaeilge: an-eolas ar Ghaeilge na Gaeltachta agus léann trom Gaeilge air.

Ag deireadh 1960 thosaigh Seán ar cholún Gaeilge ar *Feasta* faoin teideal ‘Ceart nó Mícheart.’ Is éard a chuireann sé roimhe féin sa tsraith léitheoirí a chur ar bhealach a leasa ó thaobh cheart na Gaeilge de, Gaeilge lochtach a leasú, an t-eolas fairsing atá aige féin faoin Ghaeilge a rann leis na léitheoirí agus aghaidh a chraois a thabhairt ar Bhéarlachas, agus ar chéilí comhraic uaireanta. D’fhéadfaí tairbhe mhór eile a bhaint as seo: ‘*cuid de na habairtí dúchasacha a bhfuil meirg ag teacht orthu a chur ar ais i gcúrsaíocht.*’¹⁵

Léitear a *apologia* ag an tús:

¹³ Cuimhnítear fosta go mbíodh clár ar Raidió Éireann agus ina dhiaidh sin ar Raidió na Gaeltachta, ina mbíodh saibhreas Gaeilge na Gaeltachta faoi chaibidil. Bhíodh clár ann ar Raidió Éireann sna blianta 1946-7 (an chéad cheann ar 4.4.46 agus an ceann deireanach ar 12.9.47). ‘Conus a Déarfá: stiúradh do’n Ghaeilgeoir ó: Fiachra Eilgeach, Pádraic Óg Ó Conaire, agus Fionn Mac Cumhaill fé cheannas Dháithí Uí Uaithne.’ Ag an tús, an tAthair Aodh Ó Cnáimhsighe an ‘Conallach ainmnithe’ a bhíodh ar an chlár ach tháinig Fionn Mac Cumhaill ina áit ar an 17 Aibreáin, 1946, agus go rialta as sin amach diomaite de chorrchlár. Uaireanta bhí Máirtín Ó Flaithearta nó Seán Ó Cathasaigh ann in áit Phádraic Óig Uí Chonaire, agus uaireanta Séamus Mac Ugó in áit Dháithí Uí Uaithne. Bheifeá den bharúil go raibh an clár cosúil leis an tsraith ‘Leagan Cainte’ ar Raidió na Gaeltachta ó tharla go raibh ionadaithe ó na príomhchanúintí ar an phainéal chomh maith le scoláire Gaeilge.

¹⁴ Maidir le scéal a bheatha, féach, *Seán Ó Ruadháin: Saol agus Saothar* le Mairtín Mac Niocláis (An Clóchomhar, 1992).

¹⁵ Maolmhaodhóg Ó Ruairc, *Díolaim d’Abairtí Dúchasacha* (An Gúm, 1996) iii.

Nach fúinn atá an rabharta. Duine ag leasú agus duine ag lochtú. Duine ag rá ‘is ceart a rá mar seo,’ duine eile ‘is ceart a rá mar sin.’ Tá an oiread sin againn ag cailicéaracht ar an teanga anois, gach duine is a cheirín féin aige, go bhfuil contúirt mhór ann go ndéanfaidh sinn brachán den anraith – brachán lom, leis.

Agus ní fheicimse cén fáth nach sacfainn féin mo ladar sa scéal. Ní féidir a dhéanamh mórán níos measa ná mar tá sé, agus is mór an focal é sin.’

Ina chuid aistí atá curtha in eagar sa leabhar seo, cuireann Seán an t-uafás eolais faoin Ghaeilge inár láthair: rialacha gramadaí, cora, leaganacha, deilíní cainte, eolas faoi logainmneacha – saíocht iomlán Ghaeilge na Gaeltachta. Ní scorn leis comhrac a fhógairt ar lucht gramadaí, foclóra, léinn srl. – ag leasú agus ag moladh. Tugann daoine fogha faoi thall agus abhus – Muiris ‘muiglí múinte’ Ó Droighneáin go hiondúil agus ní ar lorg an Bhéarla a bhíonn Muiris ach ar lorg an tséimhithe mhallaithe sin sa tuiseal ginideach.

Is leabhar cuimsitheach taighde é seo a mbeifear ag tarraingt as ar lorg thobar fíorghlan na Gaeilge mar is dual do leabhar taighde, ach ritheann buanna eile leis an leabhar seo a ardaíonn é os cionn na leabhar taighde eile den chineál céanna. Tá stíl scríbhneoireachta, deise labhartha agus acmhainn mhaith ghrinn le sonrú sa chnuasach aistí seo a bhéarfadh ar dhuine é a léamh fá shult seachas úsáid a bhaint as mar leabhar tagartha amháin – rud nach bhfuil ar shlí a ráite faoi leabhair eile dá chineál.

Chomh minic lena mhalairt, briseann an greann amach ag deireadh a chuid liostaí, rud a chuireann ina luí orainn arís eile gur duine daonna atá i gceann na hoibre seo, chan ríomhaire. Mar shampla, i ndiaidh dó rabhán mór cainte a chur de faoi TEANGA, deir sé:

Agus comhairle do leasa duit sula scaoilidh mé bóthar leat. Bí ar d’aireachas ar an té a bhfuil fad na teanga air, an duine béalscaoilte bíodánach, nó béidh tú thíos leis. Ach thar a bhfaca tú riamh seachain teanga liom leat. Sin é féin an diabhal i gcaiceann an duine. Is minic a déarfá faoi go bhfuil mil ar a theanga, tá sé chomh plásach plámasach sin. Marbhfháisc air! (128)

Ar ócáid eile agus é ag cur clabhsúir le BUAIL:

Má leagtar bia in d’fhianaise agus má deirtear leat “Buail é sin ar do thosach,” tuigfidh tú céard atá i gceist is dóigh. Ná cuir sna pócaí é. Agus i ndeireadh na

dála, seo comhairle duit atá chomh sean leis an gceo: “Bí bagarthach ach ná bí buailteach.” Má bhuaileann fearg thú buail cos uirthi. Ná lig di bob a bhualadh ort nó buailfidh aiféala agus aithreachas thú. Buail leat anois agus beir bua agus beannacht. (116)

Ní ag tromaíocht orthu siúd amháin a d’fhoghlaim an Ghaeilge a bhíonn sé ach ar mhuintir na Gaeltachta fosta.

Ná ceapadh éinne gur ar Bhéarlóirí amháin atá mise ag casaoid. Dá dhonacht dá bhfuil siad tá cuid mhaith de na Gaeilgeoirí dúchais gach uile orlach chomh dona, go mór-mór nuair is cúrsaí aistriú atá i gceist. Baineann sé seo go minic leis na Gaeilgeoirí is cáiliúla agus is léannta. Duine ar bith a léigh an t-aistriú a ruinne an tArd-Easpag Mac Héil ar *Moore’s Melodies* agus ar chuid den *Iliad* tuigfidh sé céard atá i gceist agam. Tá an donas dearg amach is amach air. Ní hionadh ar bith é go dtug an tAthair Seaghan Ó Raghallaigh chomh nimhneach sin faoin nGaeilgeoir dúchais sa leabhar úd *The Native Speaker Examined Home*.¹⁶ Níor fhág sé meas na seanscuaibe air shílfeá. Chuaigh an tAthair Seán ró-fhada leis an gcáineadh b’fhéidir, agus níor thagair sé do na pointí maithe. Tá a lochta féin air mar Ghaeilgeoir dúchais, ach gan é cén chaoi a mbéadh an scéal? (23)

Aithníodh ag an am gurbh fhiú na haistí breátha seo a fhoilsiú i bhfoirm leabhair.

Tá súil agam go gcuirfear *Ceart nó Mícheart?* amach i bhfoirm leabhair. Tá go leor eolais ann nach bhfacas in aon áit, agus tá sé curtha le chéile ar bhealach go gcaithfidh duine é do léamh, tá an Ghaeilge chomh binn, bríomhar sin ann.¹⁷

B’fhiú go maith leabhar a dhéanamh den eolas a bhíonn gach mí i gcolún Sheáin Uí Ruadháin – *Cora Cainte as Maigh Eo* mar a rinne Seán Mac Maoláin do Ghaeilge Thír Chonaill.¹⁸

Tús na seascaidí, tráth ar scríobhadh na haistí seo, sin ré úr *Buntús Cainte* agus a bhfuil i gceist leis sin ó thaobh na Gaeilge de ó shin i leith idir mheáin chlóite agus chraolta de. Is mór an gar gur tugadh tarrtháil ar an ábhar seo le spléachadh eile a thabhairt dúinn ar an tsaibhreas Gaeilge a cailleadh. Mura mbeadh a dhath eile i gceist, ba mhór an

¹⁶ John Miles O’Reilly, *The Native Speaker Examined Home: Two Stalking Fallacies Anatomized* (Sealy, Bryers & Walker, 1909).

¹⁷ Tomás Seoighe, *Feasta*, Meán Fómhair 1962, 20.

¹⁸ Muiris Ó Droighneáin, *Feasta*, Deireadh Fómhair 1962, 20.

caillteanas an Ghaeilge bhlasta seo do litríocht chruthaitheach na Gaeilge, rud a chuireann Seán ar ár súile dúinn:

Tuigeann gach duine, is dóigh, nach cora cainte agus seanfhocail, agus iadsan amháin, a dhéanas litríocht agus próis; ach ná ceapadh éinne nach féidir drochlitríocht agus drochphrós a scríobh gan iad. Go deimhin sé an locht is mó atá ar an bprós atá ag imeacht faoi láthair gur ar éigin a chasfar cor cainte ar bith leat ann. Séard a chuirfeadh sé in do cheann gur ceapadh as Béarla é I dtús báire, agus ansin gur cuireadh Gaeilge air. Tá an locht sin le feiceáil ar an gceapadóireacht nach mbíonn an dearg-bhéarlachas féin ag cur as di. Cora cainte a bhí beo beathach sa teanga tríocha blain ó shin, agus a bhí le clos ó Ghaeilgeoirí maithe gach lá, ní chasfaí ceann amháin acu, ar éigin, ag bunáite scríbhneoirí an lae inniu. Ní fheicfidh tú acu ach Gaeilge lom leamh, gan blas gan boladh, atá chomh tur tirim sin go dtabharfá lán an leabhair gurb é an Béarla is athair agus máthair dhi. **(83)**

Is iondúil ag deireadh píosa scríbhneoireachta go n-admhaíonn an té a scríobh é gurb é féin is ciontaí le haon earráid a fhaightear ann. Déanfaidh mise aithris ar Sheán Ó Ruadháin ar an ócáid: ‘Cuimhnigh má tá aon locht ar an ngiota seo gur ar an gclódóir is ceart an milleán a chur. Mura nglacaidh seisean go sásta leis tá an t-eagarthóir agat le tabhairt faoi.’ Mura nglactar leis sin agus má chiontaítear mé, is cinnte go mbeidh ‘mo chaiscín millte nó mo phort seinnte nó mo chóta bán déanta nó mo chosa nite nó mo chuid aráin ite.’

Léitear an leabhar seo, léitear in athuair é; baintear meabhair as an dá lá de shaol a bheas agaibh óir ní chuirfear a leithéid de shaibhreas Gaeilge in bhur láthair arís ‘go lá an Luain, go Lá na Lice, go Lá an tSléibhe, go Lá an Léin, go Lá na nDeor, go Lá an Chuntais, go Lá an Bhreithiúnais, go Lá na Breath, go Lá San Dic, go Lá Philip an Chleite.’ Go dté sé ar bláth is ar biseach dóibh siúd uilig ar cás leo Gaeilge bhlasta shaibhir na Gaeltachta nach maireann ach a scáil fá láthair.

Tá ár mbuíochas tuillte ag eagarthóir an leabhair seo, mar atá, an Dr. Liam Mac Peaircín as an ábhar breá seo a shábháil agus a chur os comhair an tsaoil mhóir arís i bhfoirm chomh soléite críochnúil. An obair thábhachtach ar chuir sé tús léi le hinnéacs ar ábhar *Feasta* a sholáthar cúpla bliain ó shin,¹⁹ sin é a sheol i dtreo aistí seo Sheáin Uí Ruadháin é. Gura fada buan é ár dtreorú i dtreo foinsí Gaeilge agus taighde.

¹⁹ *Feasta: Innéacs 1948-2000* (Clódhanna Teo., 2003)